AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.1.2014
COM(2013) 937 final

2013/0449 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 maidir leis an ascnamh chuig aistrithe creidmheasa agus dochair dhíreacha uile-Aontais

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### Forais agus cuspóirí an togra

I Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 leagtar síos ceanglais ghnó agus theicniúla chomhchoiteanna d'aistrithe creidmheasa agus do dhochair dhíreacha in euro, agus mar sin tá ról tábhachtach aige chun limistéar aonair d'íocaíochtaí euro (SEPA) a bhaint amach. Is é an 1 Feabhra 2014 atá leagtha síos sa Rialachán sin mar dháta deiridh sa limistéar euro le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochair dhíreacha in euro intíre chomh maith le laistigh den Eoraip a ascnamh chuig aistrithe creidmheasa SEPA (ACS) agus chuig dochair dhíreacha SEPA (DDS).

De réir na staitisticí is déanaí ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE), tá an ráta ascnaimh iomlán le haghaidh aistrithe creidmheasa SEPA (ACS) sa limistéar euro méadaithe ó 59.87 % i nDeireadh Fómhair 2013 go 64.1 % i Samhain 2013, os a choinne sin tháinig méadú ó 11.52 % i nDeireadh Fómhair go 26 % i Samhain ar an ráta ascnaimh iomlán le haghaidh dhochair dhíreacha SEPA (DDS). In ainneoinn iarrachtaí leanúnacha an Choimisiún le feasacht a ardú i measc údaráis inniúla na mBallstát, agus na n-iarrachtaí suntasacha atá déanta ag an mBanc Ceannais Eorpach agus in go leor Ballstát san fheachtas maidir le hascnamh chuig SEPA, is FBManna, údaráis phoiblí bheaga agus áitiúla is lú atá ullamh fós leis an ascnamh a dhéanamh i ndáiríre. Tá an chuma ar an scéal nach raibh an toradh a rabhthas ag súil leis ar na hiarrachtaí cumarsáide a rinne an tionscal baincéireachta le FBManna ná ar na feachtais eolais náisiúnta a reáchtáladh.

Ós rud é go bhfuil an luas ascnaimh chomh híseal sin i roinnt Ballstát maidir le ACS agus sa chuid is mó de na Ballstáit maidir le DDS, ní móide go gcuirfear an t-ascnamh chuig SEPA i gcrích go hiomlán faoin 1 Feabhra 2014 I bhfianaise an dáta deiridh dhlíthiúil sin, áfach, is dócha go ndiúiltóidh bainc agus soláthraithe seirbhísí íocaíochta eile íocaíochtaí leagáide nach bhfuil comhlíontach maidir le SEPA a phróiseáil ón dáta sin ar aghaidh. Níltear slán ón mbaol go dtarlóidh eachtraí a chuirfidh moill ar na híocaíochtaí lena mbaineann siad d'uireasa ascnaimh iomláin chuig ACS agus DDS. D'fhéadfadh na fadhbanna seo cur isteach ar gach úsáideoir seirbhíse íocaíochta, go háirithe ar FBManna agus ar thomhaltóirí.

I bhfianaise na faidhbe dlíthiúla móire seo agus ar na hiarmhairtí tromchúiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann do shaoránaigh agus do chuideachtaí, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 a leasú trí chlásal marthanaithe a thabhairt isteach lena gceadófar do bhainc agus do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta eile leanúint tar éis an 1 Feabhra 2014, ar feadh tréimhse ama teoranta de sé mhí, d'íocaíochtaí neamhcomhlíontacha a phróiseáil trína scéimeanna íocaíochtaí leagáide mar aon le ACS agus DDS. Má dhéantar leasú den chineál seo a chur in iúl go soiléir tabharfar deimhneacht d'úsáideoirí seribhísí íocaíochta go leanfar de phróiseáil a gcuid íocaíochtaí tar éis an 1 Feabhra 2014, agus ligfear dóibh siúd nach bhfuil an t-ascnamh déanta acu go fóill é a dhéanamh chomh tapa agus is féidir. Ní dhéantar aon leasú ar an dáta deiridh féin, agus is beart eisceachtúil aonuaire é an marthanú. Tríd is tríd, ní mór leanúint ar aghaidh leis na feachtais eolais faoin ascnamh chuig SEPA atá ar siúl faoi láthair. Ag deireadh na tréimhse marthanaithe, ní bheidh aon drogall ar an gCoimisiún na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit dlí an AE i bhfeidhm ina iomláine.

Chuathas i gcomhairle le rannpháirtithe an chruinnithe ardleibhéil maidir le SEPA faoin tionscnamh seo an 19 Nollaig 2013, cruinniú ag a mbíonn ionadaithe ardleibhéal ón mBanc Ceannais Eorpach agus comhaltaí boird ó bhainc cheannais an Eurochórais i láthair.

I bhfianaise an méid thuasluaite agus ó tharla nach bhfuil ach tréimhse ama an-ghearr fanta roimh an 1 Feabhra 2014, ní mór do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an Rialachán seo a ghlacadh ar bhonn práinne agus ní mór go dtiocfadh sé i bhfeidhm gan mhoill. Tá an Rialachán seo riachtanach chun éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint i gcás na mbanc agus na n-úsáideoirí seirbhísí íocaíochta eile, maille le gnóthais agus tomhaltóirí, mar go mbeadh sé mar oibleagáid ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta faoi Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 diúltú íocaíochtaí in euro nach gcomhlíonann ceanglais SEPA a phróiseáil tar éis an dáta deiridh seo. Mura nglacfar an Rialachán atá beartaithe ar bhonn práinne d'fhéadfaí rioscaí tromchúiseacha dlíthiúla agus teicniúla i leith idirbheart íocaíochta a bheith ann ón 1 Feabhra ar aghaidh.

**Comhthéacs ginearálta**

Tháinig Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 i bhfeidhm an 31 Márta 2012, mar sin de bhí dhá bhliain ag rannpháirtithe margaidh a bpróisis íocaíochta a oiriúnú i gcomhair cheanglais SEPA maidir le ACS agus DDS. Le linn an dá bhliain sin, rinne an Coimisiún agus an BCE, in éineacht leis na húdaráis phoiblí náisiúnta, faireachán géar ar dhul chun cinn an ascnaimh chuig SEPA. D'eisigh an BCE tuarascálacha go rialta ar dhul chun cinn an ascnaimh chuig SEPA. Tionóladh roinnt cruinnithe de Chomhairle SEPA, inar ndearnadh plé ar dhul chun cinn an ascnaimh le hionadaithe ó dhá thaobh an mhargaidh íocaíochta, i. soláthar agus éileamh, agus leagadh béim ar an ngá cumarsáid níos mó a dhéanamh le soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus leis na catagóirí eile d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta eile chomh maith (an earnáil chorparáideach lena n-áirítear FBManna, údaráis phoiblí, tomhaltóirí, etc.) An 30 Márta 2012, d'eagraigh an Coimisiún ceardlann a bhí dírithe ar léiriú Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 le saineolaithe teicniúla Chomhairle SEPA, agus ceann eile an 12 Iúil 2013 le hionadaithe ó na Ballstáit. Chomh maith leis sin d'eagraigh an Coimisiún grúpa saineolaithe teicniúla maidir le SEPA an 17 Aibreán 2013. Thairis sin, phléigh an Coimisiún an dul chun cinn i bhFóram SEPA an AE a reáchtáiltear faoi dhó sa bhliain, agussa Choiste Íocaíochtaí le hionadaithe ó na Ballstáit chomh maith. Bhí an t-ascnamh chuig SEPA mar chuid de chláir oibre de go leor de na cruinnithe teicniúla idir an BCE agus ionadaithe na mbanc ceannais náisiúnta, agus pléadh é chomh maith i roinnt fóram eile le hionadaithe ón tionscal baincéireachta.

I bhfianaise na rátaí ísle ascnaimh a d'fhoilsigh an BCE ina thuarascáil ó Mhárta 2013 maidir le hascnamh chuig SEPA, ghlac Comhairle ECOFIN conclúidí an 14 Bealtaine 2013, conclúidí cuimsitheacha ón gComhairle ina leagtar béim ar thábhacht an ascnaimh chuig SEPA agus ina n-iarrtar ar Bhallstáit agus ar rannpháirtithe margaidh tacú go gníomhach le próiseas an ascnaimh chuig SEPA, agus iarradh orthu dlús a chur faoin bpróiseas sin trí bhearta ábhartha a ghlacadh. Tar éis chonclúidí ECOFIN sheol an Coimisiún agus an BCE litir go comhpháirteach chuig Airí Airgeadais agus Gobharnóirí na mbanc ceannais náisiúnta an 15 Bealtaine 2013, inar leagadh béim arís ar thábhacht an ascnaimh chuig SEPA agus ar an riachtanas práinneach le gníomhaíocht ag an leibhéal náisiúnta.

## 2. TORTHAÍ NA GCOMHAIRLIÚCHÁN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNAITHE TIONCHAIR

### 2.1. An togra seo a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta

Ní mór dréachtghníomhartha reachtacha, lena n-áirítear tograí ón gCoimisiún, a seoladh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, a chur ar aghaidh chuig Parlaimintí náisiúnta i gcomhréir leis an bPrótacal (Uimh. 1) maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, prótacal atá i gceangal leis na Conarthaí.

De réir Airteagal 4 den Phrótacal, ní mór tréimhse ocht-seachtaine a bheith ann idir an t-am a chuirtear dréachtghníomh reachtach ar fáil do Pharlaimintí náisiúnta agus an dáta a chuirtear ar chlár oibre sealadach na Comhairle é lena ghlacadh nó le seasamh a ghlacadh faoi nós imeachta reachtach.

D'fhéadfadh eisceachtaí faoi Airteagal 4 a bheith ann i gcásanna práinne, áfach, agus ní mór cúiseanna na n-eisceachtaí a lua sa ghníomh nó sa seasamh ón gComhairle. Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an togra seo a mheas mar chás fíorphráinne mar gheall ar na cúiseanna thuasluaite.

**2.2. Comhairliúchán le páirtithe leasmhara eile agus measúnú tionchair**

I bhfianaise na rátaí ísle ascnaimh a d'fhoilsigh an BCE i Nollaig 2013, rinne an Coimisiún agus an BCE anailís ar an dóchúlacht go mbeadh an t-ascnamh chuig SEPA curtha i crích ina iomláine faoin 1 Feabhra 2014. Admhaíodh go raibh sé seo thar a bheith neamhdhóchúil in ainneoinn gur chuir roinnt úsáideoirí seirbhísí íocaíochta móra, amhail cuideachtaí fóntais le bulc-íocaíochtaí, in iúl go bhfuil sé beartaithe acu ascnamh a dhéanamh gar don dáta deiridh.

Cé gur deacair meastachán a dhéanamh ar líon na rannpháirtithe nach mbeidh comhlíontach maidir le SEPA faoin dáta deiridh dlíthiúil, is léir go mbeidh na rátaí ascnaimh i bhfad níos lú ná 100%, i dtaca le DDS go hairithe.

Is dóigh go ndiúltóidh bainc agus soláthraithe seirbhísí íocaíochta eile íocaíochtaí nach gcomhlíonann ceanglais SEPA a phróiseáil ón 1 Feabhra 2014. Is le FBManna is mó a bhaineann an riosca nach ndéanfar an t-ascnamh ós rud é nach bhfuil sé déanta ag a lán acu go fóill. I bhfianaise an riosca seo, rinne an BCE anailís ar chásanna a d'fhéadfadh tarlú agus tionchar na gcásanna sin, chomh maith le réitigh féideartha ar an bhfadhb. Go teicniúil, bheadh soláthraithe seirbhísí íocaíochta in ann leanúint d'íocaíochtaí neamhchomhlíontacha a phróiseáil, trí scéimeanna leagáide a úsáid. Ina theannta sin, bheadh gá le rannpháirtithe margaidh nach bhfuil comhlíontach maidir le SEPA go fóill a aithint agus dóthain eolais a thabhairt dóibh mar gheall ar conas an t-ascnamh chuig SEPA a dhéanamh ar shlí éifeachtúil.

Cé go bhféadfadh rannpháirtithe margaidh réitigh idirmheánacha a chur i bfheidhm go teicniúil le tacú ó mhaoirseoirí chun na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an ascnamh a shárú tar éis an 1 Feabhra 2014, tá riosca ann i ndáiríre go gcuirfí mearbhall ar thomhaltóirí agus úsáideoirí seirbhísí íocaíochtaí eile araon mar gheall ar an staid mhíshasúil seo, agus go mbeadh éiginnteacht dhlíthiúil ann do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta dá mbeadh orthu déileáil le rannpháirtithe margaidh nach bhfuil na réitigh idirmheánacha seo curtha i bhfeidhm acu (go fóill). Tá go leor FBManna i measc na rannpháirtithe margaidh neamhchomhlíontacha. Ós rud é nach bhféadfaidh na bainc a n-íocaíochtaí leagáide a phróiseáil tar éis an 1 Feabhra 2014 d'fhéadfaí dochar a dhéanamh do cháil chóras an Euro ina iomláine chomh maith. Ní dóigh go gcuirfear réitigh idirmheánacha i bhfeidhm in am, fiú más indéanta go teicniúil iad.

Ionas nach gcuirfear isteach gan ghá ar íocaíochtaí de dheasca neamhchomhlíonadh SEPA, agus chun deimhneacht dhlíthiúil do na rannpháirtithe margaidh go léir a áirithiú, measann an Coimisiún gur ceart ligean do chórais leagáide náisiúnta a bheith ann, tar éis an 1 Feabhra 2014, taobh le scéimeanna ACS agus DDS ar feadh tréimhse ama teoranta de sé mhí. Ba cheart fad comhréireach a bheith san idirthréimhse sin. Bheadh sé mar aidhm aici brú a choinneáil ar rannpháirtithe margaidh an t-ascnamh a chur i gcrích chomh luath agus ab fhéidir, ag áirithiú deimhneacht dhlíthiúil ag an am céanna agus ag áirithiú go mbeadh teorainn leis na costais ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta mar gheall ar dhá chóras íocaíochta a bheith á n-úsáid acu san am céanna. D'fhéadfadh na soláthraithe seirbhísí íocaíochta sin a bhfuil an t-ascnamh chuig ACS agus DDS déanta acu cheana breathnú ar

sheirbhísí tiontaithe a chur ar fáil do rannpháirtithe margaidh nach bhfuil an t-ascnamh déanta acu go fóill. Le linn na hidirthréimhse, ba cheart do Bhallstáit staonadh ó phionós a ghearradh ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a phróiseálann íocaíochtaí neamhchomhlíontacha agus ar úsáideoirí seirbhísí íocaíochta nach bhfuil an t-ascnamh déanta acu ina iomláine (go fóill).

Beifear in ann an t-ascnamh a dhéanamh de réir a chéile freisin a bhuí le hidirthréimhse eisceachtúil aonuaire a bheith tugtha isteach, idirthréimhse ina nglacfar le híocaíochtaí leagáide a phróiseáil. I bhfianise an spriocdháta atá ag druidim linn, tá sé curtha in iúl ag roinnt de na soláthraithe fóntais móra go ndéanfaidh siad an t-ascnamh gar don spriocdháta, an 1 Feabhra 2014. D'fhéadfaí go mbeadh baic ann mar gheall air seo, go háirithe ag leibhéal na soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus na ndíoltóirí bogearraí, toisc go bhféadfadh srianta acmhainní cur isteach orthu.

Nuair a chuimhnítear ar na figiúirí a bhaineann leis an ascnamh mar atá siad faoi láthair agus an luas ascnaimh lena bhfuiltear ag súil, meastar gurb iomchuí tréimhse marthanaithe sé mhí, go dtí an 1 Lúnasa 2014. Le linn na tréimhse sin, leanfaidh an Coimisiúin agus an BCE, in éineacht le húdaráis náisiúnta, de bheith ag faire go géar ar phróiseas an ascnaimh agus beidh siad ullamh chun aon bhearta breise a thógáil, más iomchuí.

Níl Measúnú Tionchair ar leithag gabháil leis an togra seo, mar go ndearnadh measúnú tionchair le haghaidh Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 cheana féin. Ní dhéantar aon athrú ar an Rialachán ó thaobh ábhair de agus ní fhorchuirtear aon oibleagáidí nua ar ghnólachtaí leis an togra seo. Níl sé mar aidhm aige ach idirthréimse a thabhairt isteach, idirthréimhse tar éis an spriocdháta a shainítear in Airteagal 6(1) agus (2) den Rialachán chun éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint i gcás udarás maoirseoireachta, soláthraithe seirbhíse íocaíochta, gnóthas agus tomhaltóirí.

## 3. EILIMINTÍ DLÍTHIÚLA AN TOGRA

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 a leasú trí chlásal "marthanaithe" a thabhairt isteach, lena gceadófar do bhainc agus do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta eile leanúint go dtí an 1 Lúnasa 2014, d'íocaíochtaí neamhcomhlíontacha a phróiseáil trína gcuid scéimeanna íocaíochtaí leagáide atá ann faoi láthair taobh le ACS agus DDS. Leis an leasú seo áirithítear go mbeidh rannpháirtithe margaidh nach bhfuil ullamh do SEPA faoin 1 Feabhra 2014 fós in ann a gcuid íocaíochtaí a dhéanamh agus déantar aon chiotaí ar thomhaltóirí a sheachaint.

Foráiltear leis an togra seo go mbeidh feidhm ag an leasú ón 31 Eanáir 2014. D'fhéadfaí cur i bhfeidhm cúlghabhálach a bheith ann leis an bhforáil seo, mura nglacfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle leis an togra roimh an 1 Feabhra ach díreach i ndiaidh an dáta sin. Seachnófar leis sin bearna reachtaíochta ar an 1 Feabhra 2014, bearna a d'fhéadfadh éiginnteacht dhlíthiúil a chruthú.

Breathnaítear ar thabhairt isteach na hidirthréimhse seo chun deireadh a chur de réir a chéile leis na seanchórais mar bheart eisceachtúil agus ní dhéanfar aon síneadh eile ar fhad na hidirthréimhse. Gan dochar do na díolúintí éagsúla atá leagtha amach in Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 260/2012, ní mór do gach rannpháirtí margaidh na ceanglais le haghaidh SEPA a chomhlíonadh faoin 1 Lúnasa 2014.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl ann d'impleacht bhúiseadach don Choimisiún.

2013/0449 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 maidir leis an ascnamh chuig aistrithe creidmheasa agus dochair dhíreacha uile-Aontais

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ón mBanc Ceannais Eorpach[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) I dteannta Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4]is céim thábhachtach é Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] i dtaca le limistéar aonair d'íocaíochtaí euro (SEPA) a bhaint amach, limistéar nach ndéanfar aon idirdhealú ann idir íocaíochtaí náisiúnta in euro agus íocaíochtaí trasteorann in euro. Is é príomhchuspóir Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ascnamh a dhéanamh ó scéimeanna aistrithe creidmheasa agus dochar díreach náisiúnta chuig scéimeanna comhchuibhithe SEPA i dtaca le haistrithe creidmheasa (ACS) agus le dochair dhíreacha (DDS), *inter alia* trí uimhir idirnáisiúnta uathúil chuntas bainc (IBAN) a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais, uimhir is féidir a úsáid le haghaidh gach aistriú creidmheasa agus gach dochar díreach faoi SEPA atá ainmnithe in euro.

(2) Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 go dtarlóidh an t-ascnamh chuig SEPA faoin 1 Feabhra 2014 le go mbeidh dóthain ama ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta agus úsáideoirí seirbhísí íocaíochta chun a bpróisis a chur in oiriúint do na ceanglais theicniúla a eascraíonn as ascnamh chuig ACS agus DDS.

---

1 IO C , , lch. .

2 IO C, , lch. .

3

4 Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le híocaíochtaí trasteorann sa Chomhphobal agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2560/2001 (IO L 266, 9.10.2009, lch. 11).

5 Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear ceanglais theicniúla agus ghnó le haghaidh aistrithe creidmheasa agus dochar díreach in euro agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 924/2009 (IO L 94, 30.3.2012, lch. 22).

(3) Ón dáta a glacadh Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 i leith, tá faireachán grinn déanta ag an gCoimisiún agus ag an mBanc Ceannais Eorpach ar an dul chun cinn i dtaca leis an ascnamh chuig SEPA. Tionóladh roinnt cruinnithe le Ballstáit, udaráis phoiblí náisiúnta agus rannpháirtithe margaidh. Tá tuarascálacha maidir le dul chun cinn an ascnaimh chuig SEPA foilsithe go rialta ag an mBanc Ceannais Eorpach, ina mbaintear úsáid as sonraí íocaíochta arna mbailiú ag na bainc ceannais náisiúnta. Léiríonn na tuarascálacha seo go bhfuil dul chun cinn maith déanta ag roinnt Ballstát sa limistéar euroagus go bhfuil rátaí ascnaimh le haghaidh ACS gar do 100% ag na Ballstáit sin faoi láthair. Thuairiscigh formhór mhór na soláthraithe seirbhísí íocaíochta go bhfuil siad comhlíontach maidir le SEPA cheana féin. Tá na rátaí ascnaimh i roinnt de na Ballstáit níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis áfach. Is amhlaidh atá sé i gcás DDS go háirithe.

(4) Leagadh béim arís ar thábhacht an ascnaimh chuig SEPA sna conclúidí[6] ó Chomhairle ECOFIN an 20 Bealtaine 2013. Tugadh faoi deara go raibh an t-ascnamh chuig SEPA i bhfad ó bheith curtha i gcrích agus go raibh iarrachtaí ag teastáil láithreach ó na rannpháirtithe margaidh go léir chun an t-ascnamh chuig SEPA a chur i gcrích in am. Glacadh le plean gníomhaíochta inar tugadh cuireadh do cheannaithe, corparáidí, FBManna agus údaráis phoiblí na bearta inmheánacha nithiúla atá riachtanach a dhéanamh chun a bpróisis a oiriúnú agus chun a gcuid cliant a chur ar an eolas faoina sonraí IBAN.

(5) In ainneoinn na sáriarrachtaí atá déanta ag an mBanc Ceannais Eorpach, na Ballstáit, a gcuid údarás poiblí náisiúnta agus na rannpháirtithe margaidh éagsúla le míonna anuas, léiríonn na staitisticí is deireanaí faoin ascnamh nár ardaíodh an ráta ascnaimh iomlán sa limistéar euro chuig Aistrithe Creidmheasa SEPA (ACS) ach ó 40% i mí an Mheithimh go dtí thart ar 64 % i Samhain, agus nár shroich an ráta ascnaimh iomlán chuig Dochair Dhíreacha SEPA (DDS) ach 26 %. Cé go léiríonn na staisticí náisiúnta go bhfuil dul chun cinn tábhachtach déanta i roinnt Ballstát, tá grúpa suntasach Ballstát ann atá tite go mór chun deiridh ó thaobh na rátaí ascnaimh lena mbeifear ag súil. I bhfianaise cé chomh íseal agus atá an luas ascnaimh sna Ballstáit sin faoi láthair ní móide go mbeidh na rannpháirtithe margaidh go léir comhlíontach maidir le SEPA faoin 1 Feabhra 2014.

(6) Ón 1 Feabhra 2014, beidh ar bhainc agus soláthraithe seirbhísí íocaíochta eile diúltú aistrithe creidhmheasa nó dochair dhíreacha a ghlacadh mura bhfuil siad comhlíontach maidir le SEPA mar gheall ar a gcuid oibleagáidí dlíthiúla, cé go bhféadfaidís, go teicniúil, na híocaíochtaí sin a phroiseáil, mar atá rudaí faoi láthair, trí leanúint d'úsáid na scéimeanna atá ann faoi láthair d'íocaíochtaí leagáide mar aon le ACS agus DDS. Níltear slán ón mbaol go dtarlóidh eachtraí a chuirfidh moill ar na híocaíochtaí lena mbaineann siad d'uireasa ascnaimh iomláin chuig ACS agus DDS. D'fhéadfaí cur isteach ar gach úsáideoir seirbhíse íocaíochta, go háirithe FBManna agus tomhaltóirí.

(7) Is gá go seachnófaí aon chur isteach neamhriachtanach ar íocaíochtaí de dheasca an t-ascnamh chuig SEPA a bheith neamhchríochnaithe an 1 Feabhra 2014. Ní mór cead a thabhairt, ar feadh tréimhse teoranta ama, do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta mar sin, leanúint d'idirbhearta íocaíochta a phróiseáil trína scéimeanna leagáide mar aon lena gcuid scéimeanna ACS agus DDS, mar atáthar ag déanamh faoi láthair. Ní mór, mar sin, idirthréimhse a thabhairt isteach ina gceadófar leanúint de phróiseáil comhthreomhar d'íocaíochtaí atá i bhformáidí éagsúla. Nuair a chuimhnítear ar na

[6] http://www.consilium.europa.eu/uedocs/cms_data/docs/pressdata/en/ecofin/137122.pdf

figiúirí a bhaineann leis an ascnamh mar atá siad faoi láthair agus an luas ascnaimh lena bhfuiltear ag súil, meastar gurb iomchuí idirthréimhse aonuaire sé mhí. Ba cheart breathnú ar an marthanú seo ar chórais leagáide nach bhfuil comhlíontach maidir le SEPA mar bheart eisceachtúil agus, dá bhrí sin, ba cheart é a choinneáil chomh gearr agus is féidir, mar gheall go bhfuil gá le hascnamh mear agus cuimsitheach chun na tairbhí go léir a bhaint ó mhargadh íocaíochtaí comhtháite. Tá sé tábhachtach teorainn ama a chur leis na costais ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a n-eascraíonn as úsáid leanúnach scéimeanna d'íocaíochtaí leagáide ag an am céanna le córas SEPA. D'fhéadfadh soláthraithe seirbhísí íocaíochta a bhfuil an t-ascnamh chuig SEPA déanta acu ina iomláine cheana féin breathnú ar sheirbhísí tiontaithe a chur ar fáil d'úsáideoirí seirbhísí íocaíochta nach bhfuil an t-ascnamh déanta acu go fóill le linn na hidirthréimse seo. Le linn na hidirthréimhse, ba cheart do Bhallstáit staonadh ó phionós a ghearradh ar sholáthraithe seirbhísí íocaíochta a phróiseálann íocaíochtaí neamhchomhlíontacha agus ar úsáideoirí seirbhíse íocaíochta nach bhfuil an t-ascnamh déanta acu go fóill.

(8) Tá sé curtha in iúl cheana ag roinnt úsáideoirí móra ionstraimí dochair dhírigh go bhfuil sé beartaithe acu an t-ascnamh a dhéanamh gar don spriocdháta. Dá chuirfí aon cheann de na tionscadail sin siar, d'fhéadfadh sé strus sealadach a chur ar íocaíochtaí isteach agus ar shreabhadh airgid, agus dá dhroim sin, ar leibhéil chistíochta na gcuideachtaí lena mbaineann. D'fhéadfaí baic áirithe a bheith ann mar thoradh ar ascnamh déanach ar mhórscála mór den sórt sin, ag leibhéal na mbanc agus na ndíoltóirí bogearraí go háirithe, toisc go bhféadfadh srianta acmhainní cur isteach orthu. A bhuí leis an tréimhse bhreise sin chun an córas nua a thabhairt isteach de réir a chéile, d'fhéadfaí cur chuige níos céimsí a ghlacadh. Na rannpháirtithe margaidh sin nár chuir tús go fóill leis an oiriúnú is gá chun bheith comhlíontach maidir le SEPA, iarrtar orthu iad féin a oiriúnú chomh luath agus is féidir. Mar sin féin, ba cheart do rannpháirtithe margaidh a bhfuil tús curtha acu le hoiriúnú a bpróiseas íocaíochta cheana an t-ascanamh a chríochnú chomh tapa agus is féidir.

(9) I bhfianaise na príomhaidhme, mar atá ascanamh comhordaithe agus comhtháite a bhaint amach, is iomchuí feidhm a bheith ag an idirthréimhse maidir le ACS agus DDS araon. Chuirfeadh idirthréimhsí éagsúla i gcomhair ACS agus DDS mearbhall ar thomhaltóirí, soláthraithe seirbhísí íocaíochta, FBManna agus úsáideoirí seribhísí íocaíochta eile chomh maith.

(10) Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla agus chun aon neamhleanúnachas a sheachaint i dtaca le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 260/2012, tá sé riachtanach go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm go práinneach agus go mbeadh feidhm leis ón 31 Eanáir 2014.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 260/2012 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 260/2012, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. In ainneoinn Airteagal 6(1) agus (2), féadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta leanúint, go dtí an 1 Lúnasa 2014, d'idirbhearta íocaíochta in euro a phróiseáil atá i bhformáidí atá éagsúil ó na formáidí is gá le haghaidh aistrithe creidmheasa SEPA agus dochair dhíreacha SEPA.

Is ón 2 Lúnasa 2014 amháin a chuirfidh na Ballstáit na rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme mar gheall ar sharú Airteagal 6(1) agus (2) i bhfeidhm, rialacha atá leagtha síos i gcomhréir le hAirteagal 11.

De mhaolú ar Airteagal 6(1) agus (2), féadfaidh na Ballstáit a cheadú do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta, go dtí an 1 Feabhra 2016, seirbhísí tiontaithe le haghaidh idirbheart íocaíochtaí náisiúnta a chur ar fáil do úsáideoirí seirbhísí íocaíochta, a chuirfidh ar chumas úsáideoirí seirbhísí íocaíochta ar tomhaltóirí iad leanúint de BBAN a úsáid in ionad an aitheantóra cuntais íocaíochta atá sonraithe i bpointe (1)(a) den Iarscríbhinn ar choinníoll go n-áirithítear an idir-inoibritheacht trí BBAN an íocóra agus an íocaí a thiontú go teicniúil agus go slán go dtí an t-aitheantóir cuntais íocaíochta ábhartha atá sonraithe i bpointe (1)(a) den Iarscríbhinn. Déanfar an t-aitheantóir cuntais íocaíochta sin a sheachadadh chuig an úsáideoir seirbhíse íocaíochta a thionscain an t-idirbheart, i gcás inarb iomchuí sula ndéantar an íocaíocht. I gcás den sórt sin, ní thoibheoidh SSIanna aon mhuirir bhreise ná táillí eile ar an USI atá bainteach go díreach ná go hindíreach leis na seirbhísí tiontaithe sin."

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 31 Eanáir 2014.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*